Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15909/23

LIMITE

UD 276
CODEC 2252
ENFOCUSTOM 160
ECOFIN 1272
MI 1031
COMER 144
TRANS 530
FISC 270

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2023/0156(COD)**
**2023/0157(NLE)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim<br>– Tuarascáil ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo an tuarascáil ón Uachtaránacht maidir leis an obair ar Phacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim.

Moltar go n-iarrfadh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle an tuarascáil ón Uachtaránacht, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a thabhairt dá haire mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

## TUARASCÁIL Ó UACHTARÁNACHT NA SPÁINNE CHUIG ECOFIN MAIDIR LEIS AN OBAIR A RINNEADH SA CHOMHAIRLE AR PHACÁISTE ATHCHÓIRITHE AN AONTAIS CUSTAIM

PUBLIC

**Réamhrá**

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar an obair agus ar an dul chun cinn atá déanta sa Chomhairle maidir le Pacáiste Athchóirithe an Aontais Custaim le linn théarma Uachtaránacht na Spáinne.

Ní mór a thabhairt chun cuimhne gur chuir an Coimisiún tograí chun cinn an 17 Bealtaine 2023, le haghaidh an athchóirithe is cuimsithí ar Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh ó bunaíodh é in 1968.

Thíolaic an Coimisiún Pacáiste le haghaidh Athchóiriú Custaim ina bhfuil na téacsanna seo a leanas:

- Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Athchóiriú custaim: an tAontas Custaim a thabhairt go leibhéal eile. 9622/23
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. 9596/23 + ADD1 + ADD2 + ADD3 + ADD4.
- Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach do chiandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur. 9625/23 + ADD1.
- Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó tríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc. 9638/23.

**Díospóireacht bheartais ECOFIN 14 Iúil 2023**

Tionóladh an chéad díospóireacht bheartais maidir leis an bpacáiste athchóirithe le linn an chéad chruinnithe de chuid ECOFIN (an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) a bhí ag Uachtaránacht na Spáinne an 14 Iúil 2023.

Toisc nach raibh aistriúcháin ar an bpacáiste iomlán go teangacha uile an Aontais ar fáil ag an am, bhunaigh an Uachtaránacht an chéad anailís agus díospóireacht seo ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Athchóiriú custaim: an tAontas Custaim a thabhairt go leibhéal eile, ina bhfuil príomheilimintí agus príomhghnéithe an togra agus ina dtugtar achoimre orthu agus ina ndéantar cur síos orthu. Chun na críche sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht nóta maidir leis na gnéithe éagsúla den athchóiriú seo ar aontas custaim an Aontais lena bhreithniú ag na hairí.

Iarradh ar na hAirí a dtuairimí a thabhairt faoi phríomhghnéithe an phacáiste mar atá sa Teachtaireacht ón gCoimisiún. Go háirithe, iarradh orthu tuairimí faoi chuspóirí an athchóirithe agus faoin mbreisluach a bhaineann le príomhbhearta an togra a phlé.

**Cuir i láthair agus plé sa Mheitheal um an Aontas Custaim**

Tar éis díospóireacht bheartais ECOFIN, chuir Uachtaránacht na Spáinne tús leis an scrúdú ar an bpacáiste athchóirithe ar an aontas custaim sa Mheitheal um an Aontas Custaim.

Chun aghaidh a thabhairt ar athchóiriú chomh leathan sin, mheas an Uachtaránacht gur ghá modheolaíocht iomchuí a ghlacadh chun struchtúr a chur ar an bplé agus ar an anailís. Chinn an Uachtaránacht (i dteannta na Beilge agus ha hUngáire, comhaltaí fhoireann na dtrí Uachtaránacht) gurbh é an cur chuige ab fhearr an anailís a ghrúpáil de réir bloic théamacha, a sainaithníodh mar seo a leanas de réir ábhar agus ghnéithe éagsúla na dtograí sa Phacáiste Athchóirithe:

- Próisis Chustaim
- Ríomhthráchtáil
- Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh
- Bearta sriantacha, bainistiú géarchéime, comhar, bainistiú riosca agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh
- Sáruithe custaim

Tá cuid mhór de na hacmhainní ama atá ar fáil don Uachtaránacht tugtha do na bloic éagsúla a chur i láthair agus a anailísiú, le tacaíocht theicniúil ón gCoimisiún Eorpach.

Chuige sin, mhol an Uachtaránacht trí chruinniú rialta den Mheitheal um an Aontas Custaim in aghaidh na míosa, Meitheal neamhfhoirmiúil um rialachas an aontais custaim agus Seimineár Ardleibhéil ar ríomhthráchtáil d'Ard-Stiúrthóirí an Chustaim.

Is éard a bhí i gceist ansin cur i láthair ón gCoimisiún (AS TAXUD) maidir le gach ceann de na bloic shainithe, mar aon leis an anailís ar an gcuid den mheasúnú tionchair dá dtagraítear i ngach bloc. Leis an gcur chuige sin, tugadh deis leathan do na Ballstáit barúlacha, ábhair imní agus amhras a chur in iúl maidir le hábhar an togra, agus tugadh an deis do AS TAXUD chomh maith na príomhábhair imní sin a bhí ann ar dtús, agus an t-amhras ina leith a mhíniú agus freagairt a thabhairt orthu. Dhírigh an Uachtaránacht na cruinnithe a bhí aici an 12 agus an 19 Iúil agus an 7, 14 (Meitheal um an Aontas Custaim neamhfhoirmiúil), an 22 agus an 28 Meán Fómhair ar na cuir i láthair sin.

A luaithe a bhí an chéim thosaigh sin curtha i gcrích, bhí na cruinnithe eile dírithe ar thús a chur leis an bplé, airteagal ar airteagal, ar na tograí reachtacha ag babhtáil an chéad dá bhloc; sé sin le rá; próisis chustaim (na cruinnithe ar an 4 agus 11 de Dheireadh Fómhair agus an 6 agus 15 de mhí na Samhna) agus Ríomhthráchtáil. D'óstáil agus d'eagraigh an Uachtaránacht, i gcomhar leis an gCoimisiún, Seimineár Ardleibhéil ar ríomhthráchtáil chun deis a thabhairt do na hArd-Stiúrthóirí ionchur ardleibhéil a thabhairt faoi ríomhthráchtáil. Tar éis an tSeimineáir Ardleibhéil, a bhí ar siúl an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair, phléigh an Mheitheal um an Ríomhthráchtáil cruinnithe an 25 Deireadh Fómhair agus an 15 Samhain.

Agus an nóta seo á dhréachtú, is iad seo a leanas na cruinnithe eile den Mheitheal um an Aontas Custaim agus an t-ábhar atá beartaithe dóibh:

- An Mheitheal um an Aontas Custaim 22 Samhain; próisis chustaim
- An Mheitheal um an Aontas Custaim 29 Samhain; Mol Sonraí Custaim an Aontais, ó thaobh cúrsaí teicniúla TF de
- An Mheitheal um an Aontas Custaim 4 Nollaig; próisis chustaim
- An Mheitheal um an Aontas Custaim 11 Nollaig; Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh
- An Mheitheal um an Aontas Custaim 19 Nollaig; próisis chustaim

**Príomhthorthaí an chéad phlé**

Toisc fhad agus chastacht an togra, is éard a bhí sa chéad phlé go bunúsach soiléiriú a dhéanamh ar na gnéithe nua i gcomparáid leis an staid reatha. Iarradh ar na Ballstáit a bpríomhbharúlacha a chur i dtoll a chéile i scríbhinn freisin, ionas go bhféadfaí na barúlacha a tugadh faoi gach airteagal a chomhdhlúthú go córasach, rud a éascóidh forbairt an phlé ar an gcomhad tábhachtach sin ina dhiaidh seo.

Chlúdaigh Uachtaránacht na Spáinne an chéad phlé sa Chomhairle ar na hairteagail go léir sa bhloc ar ríomhthráchtáil.

PUBLIC